# Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine

EUROPEAN COURT OF HUMAN RIGHTS
COUR EUROPÉENNE DES DROITS DE L'HOMME

COUNCIL OF EUROPE
CONSEIL DE L'EUROPE

# Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine

arna leasú ag Prótacail Uimh. 11, 14 agus 15,

arna fhorlíonadh ag Prótacail Uimh. 1, 4, 6, 7, 12, 13 agus 16

Cuirtear téacs an Choinbhinsiúin i láthair arna leasú ag forálacha Phrótacal Uimh. 15 (CETS Uimh. 213) óna theacht i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2021 agus Prótacal Uimh. 14 (CETS Uimh. 194) óna theacht i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2010. Rinneadh leasú ar an gCoinbhinsiún roimhe seo de réir forálacha Phrótacal Uimh 3. (ETS Uimh. 45), a tháinig i bhfeidhm an 21 Meán Fómhair 1970, forálacha Phrótacal Uimh. 5 (ETS Uimh. 55), a tháinig i bhfeidhm an 20 Nollaig 1971, agus forálacha Phrótacal Uimh. 8 (ETS Uimh. 118), a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 1990, agus comhdhéanta chomh maith de théacs Phrótacal Uimh. 2 (ETS Uimh. 44), a bhí, de réir Airteagal 5 mhír 3 de, mar chuid lárnach den Choinbhinsiún ón uair a tháinig sé i bhfeidhm an 21 Meán Fómhair 1970. Cuireadh Prótacal Uimh. 11 (ETS Uimh. 155) in ionad gach prótacal a ndearnadh leasú air nó a cuireadh leis, ón dáta a thángthas i bhfeidhm an 1 Samhain 1998. Ón dáta sin, rinneadh Prótacal Uimh. 9 (ETS Uimh. 140), a tháinig i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 1994, a aisghairm agus chaill Prótacal Uimh. 10 (ETS Uimh. 146) an cuspóir a bhí aige.

Tá sínithe agus daingnithe reatha an Choinbhinsiúin agus na Prótacail dá chuid, chomh maith le liosta iomlán na ndearbhuithe agus na bhforchoimeádas ar fáil ag www.conventions.coe.int.

Níl ach leaganacha Béarla agus Fraincise an Choinbhinsiúin údarach.

An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine
Comhairle na hEorpa
67075 Strasbourg cedex
An Fhrainc

www.echr.coe.int

# ÁBHAIR

An Coinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint .......... 5

Prótacal .......... 32

Prótacal Uimh. 4 .......... 35

Prótacal Uimh. 6 .......... 39

Prótacal Uimh. 7 .......... 43

Prótacal Uimh. 12 .......... 49

Prótacal Uimh. 13 .......... 53

Prótacal Uimh. 16 .......... 57

# An Coinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint

An Róimh, 4.XI.1950

Tá na Rialtais is sínitheoirí leis seo, comhaltaí de Chomhairle na hEorpa,

Á bhreithniú dóibh Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine arna fhógairt ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1948;

Á bhreithniú dóibh gurb é is aidhm leis an Dearbhú sin aitheantas agus comhlíonadh uilechoiteann agus éifeachtach na gCeart dá bhfógraítear ann a dhaingniú;

Á bhreithniú dóibh gurb í aidhm Chomhairle na hEorpa aontacht níos mó a bhaint amach i measc a cuid comhaltaí agus go bhfuil cothabháil agus fíorú breise Chearta an Duine agus na Saoirsí Bunúsacha ar cheann de na modhanna trína mbainfear amach an aidhm sin;

Á athdhearbhú dóibh a gcreideamh domhain sna saoirsí bunúsacha siúd ar a mbunaítear ceartas agus síocháin ar Domhan agus gurb é an daonlathas polaitiúil éifeachtach, de pháirt, agus comhthuiscint agus comhlíonadh Chearta an Duine ar a mbraitheann siad, den pháirt eile, an bealach is fearr lena gcothabháil;

Ar a bheith beartaithe acu, mar rialtais tíortha Eorpacha a bhfuil an dearcadh céanna acu agus comhoidhreacht traidisiún polaitiúil, barrshamhaileacha, saoirse agus smacht reachta acu, na chéad bhearta a dhéanamh chun cearta áirithe a dhearbhaítear sa Dearbhú Uilechoiteann a chomh-fhorfheidhmiú,

Ag dearbhú dóibh gur ar na hArdpháirtithe Conarthacha, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta atá an phríomhfhreagracht na cearta agus na saoirsí a mhínítear sa Choinbhinsiún seo agus sna Prótacail a ghabhann leis a dhaingniú, agus sa dóigh sin go bhfuil corrlach breithmheasa ann dóibh, faoi réir dhlínse mhaoirseacht na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a bhunaítear leis an gCoinbhinsiún seo,

Tar éis comhaontú mar a leanas:

## AIRTEAGAL 1

### Oibleagáid Cearta an Duine a Urramú

Áiritheoidh na hArdpháirtithe Conarthacha do gach duine faoina ndlínse na cearta agus na saoirsí a mhínítear i Roinn I den Choinbhinsiún seo.

# ROINN I

# CEARTA AGUS SAOIRSÍ

## AIRTEAGAL 2

### Ceart chun na beatha

1. Cosnófar le dlí ceart gach duine chun na beatha. Ní bhainfear a bheatha de dhuine d'aon ghnó seachas trí fhorghníomhú pianbhreithe cúirte tar éis é a chiontú i gcoir lena bhforáiltear an pionós sin le dlí.

2. Ní mheasfar go bhfuil baint beatha d'aon ghnó ina sárú ar an Airteagal seo nuair a leanfaidh sí as fórsa a úsáid nach mó é ná mar is géarghá:

(a) chun duine a chosaint ar fhoréigean neamhdhleathach;



(b) chun gabháil dhleathach a chur i gcrích nó duine a chosc ar éalú as coimeád dleathach;

(c) mar ghníomh dleathach chun éirí amach nó círéib a chur faoi chois.

## AIRTEAGAL 3

### Toirmeasc ar chéastóireacht

Ní dhéanfar céastóireacht ar aon duine ná ní chuirfear aon íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach ar aon duine.

## AIRTEAGAL 4

### Toirmeasc ar sclábhaíocht agus ar shaothar éignithe

1. Ní dhéanfar aon duine a choimeád faoi sclábhaíocht ná faoi dhaoirse.

2. Ní chuirfear iallach ar aon duine saothar éignithe nó éigeantach a dhéanamh.

3. Chun críche an Airteagail seo, ní fholóidh an téarma "saothar éignithe nó éigeantach":

(a) aon obair a cheanglaítear a dhéanamh i ngnáthchúrsa coinneála a ghearrfar i gcomhréir le forálacha Airteagal 5 den Choinbhinsiún seo nó le linn scaoileadh coinníollach ó choinneáil den sórt sin;

(b) aon seirbhís de ghné mhíleata nó, i gcás agóideoirí coinsiasacha sna tíortha ina n-aithnítear iad, seirbhís a ghearrfar in ionad seirbhís mhíleata éigeantach;

(c) aon seirbhís a ghearrfar i gcás éigeandála nó tubaiste lena mbagraítear ar shaol nó ar shábháilteacht an phobail;

(d) aon obair nó seirbhís atá mar chuid de ghnáthoibleagáidí cathartha.

## AIRTEAGAL 5

### An ceart chun saoirse agus slándála

1. Tá ag gach uile dhuine an ceart chun saoirse agus slándála pearsan. Ní bhainfear a shaoirse de dhuine seachas sna cásanna seo a leanas agus i gcomhréir le nós imeachta a fhorordaítear le dlí:

(a) coinneáil dhleathach duine arna chiontú le cúirt inniúil;

(b) gabháil dhleathach nó coinneáil dhleathach duine i leith neamhchomhlíonadh a dhéanamh ar ordú dleathach cúirte nó chun oibleagáid a fhorordaítear le dlí a dhaingniú;

(c) gabháil dhleathach nó coinneáil dhleathach duine chun é a thabhairt os comhair an údaráis dlí inniúil mar gheall ar dhrochamhras le réasún go ndearna sé cion nó nuair a mheastar le réasún go bhfuil a leithéid riachtanach chun é a chosc ar chion a dhéanamh nó a chosc ar éalú tar éis dó déanamh amhlaidh.

(d) coinneáil duine faoi aois trí ordú dleathach le haghaidh maoirseacht oideachasúil nó a choinneáil dhleathach chun é a thabhairt os comhair an údaráis dlí inniúil;

(e) coinneáil dhleathach daoine chun scaipeadh galar tógálach a chosc, nó daoine mí-mheabhracha, alcólaigh nó andúiligh drugaí nó fuaidirí;

(f) gabháil dhleathach nó coinneáil dhleathach duine chun é a chosc ar iontráil neamhúdaraithe a dhéanamh isteach sa tír nó duine a bhfuil caingean á tionscnamh ina choinne d'fhonn díbirt nó eiseachadadh a dhéanamh.

2. Cuirfear in iúl gan mhoill do gach duine a ghabhtar, i dteanga a thuigfidh sé, cúiseanna a ghabhála agus aon chúiseamh ina choinne.

3. Tabharfar gan mhoill gach duine a ghabhtar nó a choinnítear de réir fhorálacha mhír 1 (c) den Airteagal seo os comhair breithimh nó oifigigh eile atá údaraithe le dlí chun údarás breithiúnach a fheidhmiú agus beidh ceart acu triail a bheith acu laistigh de thréimhse reasúnach nó a bheith scaoilte saor fad a bheidh a dtriail ar feitheamh. Féadfar coinníollacha a chur ag gabháil le scaoileadh go dtabharfar gealltanais maidir le láithriú le haghaidh trialach.

4. Beidh ag gach duine a mbainfear a shaoirse de trí ghabháil nó trí choinneáil an ceart imeachtaí a thionscnamh trína gcinnfear dleathacht a choinneála go tapa le cúirt agus trína n-ordófar é a scaoileadh mura dleathach an choinneáil.

5. Beidh ag gach íospartach gabhála nó coinneála de shárú ar fhorálacha an Airteagail seo ceart infhorfheidhmithe chun cúitimh.

## AIRTEAGAL 6

### An ceart chun triail chóir a fháil

1. I gcinneadh a cheart agus a oibleagáidí sibhialta nó aon chúis choiriúil ina choinne, tá gach duine i dteideal éisteacht chóir phoiblí a fháil laistigh de thréimhse réasúnach ó bhinse neamhspleách neamhchlaon arna bhunú le dlí. Fógrófar breithiúnas go poiblí ach féadfar an preas agus daoine den phobal a eisiamh ón triail iomlán nó ó aon chuid di ar mhaithe leis an moráltacht, leis an ord poiblí nó leis an tslándáil náisiúnta i sochaí dhaonlathach, i gcás inarb é leas na n-ógánach nó cosaint shaol príobháideach na bpáirtithe déanamh amhlaidh, nó a mhéid a bhfuil géarghá leis i dtuairim na cúirte in imthosca speisialta ina ndéanfadh an phoiblíocht dochar do leasanna an cheartais.

2. Toimhdeofar go bhfuil aon duine a chúiseofar i gcion coiriúil neamhchiontach go dtí go gcruthófar é nó í a bheith ciontach de réir dlí.

3. Beidh ag gach duine a chúiseofar i gcion coiriúil na cearta íosta seo a leanas:

(a) go n-inseofar gan mhoill dó, i dteanga a thuigfidh sé agus go mionchruinn, cineál agus cúis an chúisimh ina choinne;

(b) chun a leordhóthain ama agus saoráidí a bheith aige chun a chosaint a ullmhú;

(c) chun é féin a chosaint i bpearsa nó trí chúnamh dlí dá rogha féin nó, mura bhfuil sé acmhainneach ar íoc as cúnamh dlí, sin a fháil in aisce nuair is gá sin ar mhaithe leis an gceartas;

(d) chun finnéithe ina choinne a cheistiú nó a chur á gceistiú agus finnéithe thar a cheann a thabhairt i láthair agus a cheistiú faoi na coinníollacha céanna a bhaineann le finnéithe ina choinne;

(e) chun cabhair ateangaire a fháil in aisce mura féidir leis an teanga a úsáidtear sa chúirt a thuiscint nó a labhairt.

## AIRTEAGAL 7

### Gan phionós d'uireasa an dlí

1. Ní bhfaighfear aon duine ciontach in aon chion coiriúil i ngeall ar aon ghníomh nó neamhghníomh nár chion coiriúil é faoin dlí náisiúnta nó faoin dlí idirnáisiúnta tráth a dhéanta. Ná ní ghearrfar pionós níos troime ná mar ab infheidhme an tráth a rinneadh an cion coiriúil.

2. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do thriail agus do phionósú aon duine i ngeall ar aon ghníomh nó neamhghníomh a bhí, tráth a dhéanta, coiriúil de réir na bprionsabal ginearálta atá aitheanta ag náisiúin shibhialta.



## AIRTEAGAL 8

### Ceart chun an saol príobháideach agus an saol teaghlaigh a urramú

1. Tá ag gach duine an ceart go ndéanfar a shaol príobháideach agus a shaol teaghlaigh, a chónaí agus a chomhfhreagras a urramú.

2. Ní chuirfidh údarás poiblí isteach ar fheidhmiú an chirt seo ach amháin i gcás ina mbeidh sé sin i gcomhréir leis an dlí agus riachtanach i sochaí dhaonlathach ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, le sábháilteacht an phobail nó le leas eacnamaíoch na tíre, chun ainriail nó coireacht a chosc, chun sláinte nó moráltacht a chosaint, nó chun cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

## AIRTEAGAL 9

### Saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin

1. Tá ag gach duine an ceart chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin; tá ar áireamh sa cheart sin saoirse chun a reiligiún nó a chreideamh a athrú agus saoirse, mar dhuine aonair nó i gcomhluadar le daoine eile agus go poiblí nó go príobháideach, a reiligiún nó a chreideamh a léiriú trí adhradh, trí theagasc, trí chleachtas agus trí dheasghnáth.

2. Ní bheidh saoirse an duine a reiligiún nó a chreideamh a léiriú faoi réir teorainneacha ach a mhéid atá riachtanach i sochaí dhaonlathach ar mhaithe le sábháilteacht an phobail, chun an t-ord poiblí, sláinte an phobail nó moráltacht phoiblí a chosaint, nó chun cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

## AIRTEAGAL 10

### Saoirse chun tuairimí a nochtadh

1. Tá ag gach uile dhuine an ceart ar shaoirse chun tuairimí a nochtadh. Folóidh an ceart sin saoirse chun tuairimí a bheith ag an duine agus faisnéis agus barúlacha a fháil agus a thabhairt gan

cur isteach ó údarás poiblí agus gan beann ar theorainneacha. Ní chuirfear leis an Airteagal seo cosc ar Stáit a cheangal go ndéanfar fiontair chraolta, teilifíse nó pictiúrlainne a cheadúnú.

2. Ó tharla go mbaineann dualgais agus freagrachtaí le feidhmiú na saoirsí seo, féadfar é a bheith faoi réir cibé foirmiúlachtaí, coinníollacha, srianta nó pionós a fhorordaítear le dlí agus atá riachtanach i sochaí dhaonlathach, ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, le sláine chríche nó le sábháilteacht an phobail, chun ainriail nó coireacht a chosc, chun sláinte nó moráltacht a chosaint, nó chun cáil nó cearta daoine eile a chosaint, chun nochtadh faisnéise a fhaightear faoi rún a chosc, nó chun údarás agus neamhchlaontacht na breithiúnachta a chothabháil.

## AIRTEAGAL 11

### Saoirse comhthionóil agus comhlachais

1. Tá ag gach duine an ceart chun saoirse comhthionóil shíochánta agus chun saoirse comhlachais le daoine eile, lena n-áirítear an ceart chun bheith mar bhall de cheardchumainn chun a leasanna a chosaint.

2. Ní chuirfear srian ar fheidhmiú na saoirsí sin seachas den sórt a fhorordaítear le dlí agus atá riachtanach i sochaí dhaonlathach ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta nó sábháilteacht an phobail, chun ainriail nó coireacht a chosc, chun sláinte nó moráltacht a chosaint nó chun cearta nó saoirsí daoine eile a chosaint. Ní chuirfidh an t-airteagal seo cosc ar shrianta dleathacha a chur ar fheidhmiú na saoirsí sin ag comhaltaí na bhfórsaí armtha, na bpóilíní nó lucht riaracháin an Stáit.



## AIRTEAGAL 12

### Ceart chun pósadh

Tá ag fir agus mná atá in aois a bpósta an ceart chun pósadh agus an ceart chun teaghlach a bhunú, i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta lena rialaítear feidhmiú an chirt sin.

## AIRTEAGAL 13

### Ceart chun leigheas éifeachtach

Gach duine a ndéantar a chearta agus a shaoirsí, mar a leagtar amach iad sa Choinbhinsiún seo a shárú, beidh aige leigheas éifeachtach os comhair údaráis náisiúnta d'ainneoin gur daoine ag gníomhú dóibh i gcáil oifigiúil a rinne an sárú sin.

## AIRTEAGAL 14

### Toirmeasc ar idirdhealú

Daingneofar teachtadh na gceart agus na saoirsí a leagtar amach sa Choinbhinsiún seo gan idirdhealú ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, teanga, reiligiún, tuairim pholaitiúil nó eile, bunadh náisiúnta nó sóisialta, baint le mionlach náisiúnta, maoin, breith nó stádas eile.

## AIRTEAGAL 15

### Maolú i gcás práinne

1. In aimsir chogaidh nó práinne poiblí eile lena mbagraítear shaol an náisiúin féadfaidh Ardpháirtí Conarthach bearta a ghlacadh de mhaolú ar a oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún seo a mhéid a cheanglaítear go docht le riachtanais an cháis, ar choinníoll nach mbeidh na bearta sin ar neamhréir lena oibleagáidí eile faoin dlí idirnáisiúnta.

2. Ní dhéanfar aon mhaolú faoin bhforáil seo ar Airteagal 2, ach amháin maidir le básanna de thoradh gníomhartha cogaidh dlíthiúla, ná ar Airteagail 3, 4 (mír 1) agus 7.

3. Déanfaidh aon Ardpháirtí Conarthach a bhainfidh leas as an gceart seo chun maolú a dhéanamh, Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa a chur ar an eolas go hiomlán maidir leis na bearta a ghlac sé agus agus na cúiseanna atá leo. Cuirfidh sé Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa ar an eolas freisin nuair a thiocfaidh deireadh le feidhmiú na mbeart sin agus nuair a bheidh forálacha an Choinbhinsiúin go hiomlán i bhfeidhm arís.

## AIRTEAGAL 16

### Srianta ar ghníomhaíocht pholaitiúil eachtrannach

Ní mheasfar aon rud in Airteagail 10, 11 agus 14 mar chosc ar na hArdpháirtithe Conarthacha srianta a chur ar ghníomhaíocht pholaitiúil eachtrannach.

## AIRTEAGAL 17

### Toirmeasc ar chearta a mhí-úsáid

Ní léireofar aon ní sa Choinbhinsiún seo ar dhóigh a thabharfadh le tuiscint go bhfuil aon cheart ag aon Stát, grúpa nó duine chun gabháil d'aon ghníomhaíocht nó aon ghníomh a dhéanamh arb é is aidhm dó aon cheann de na cearta nó na saoirsí atá leagtha amach sa Choinbhinsiún seo a mhilleadh nó iad a theorannú níos mó ná mar a fhoráiltear sa Choinbhinsiún.

## AIRTEAGAL 18

### Teorainn le húsáid srianta le cearta

Ní fheidhmeofar na srianta leis na cearta agus leis na saoirsí atá ceadaithe faoin gCoinbhinsiún seo chun aon chríche ach amháin na críocha lena bhforordaítear iad.



# ROINN II

# CÚIRT EORPACH UM CHEARTA AN DUINE

## AIRTEAGAL 19

### Bunú na Cúirte

D'fhonn comhlíonadh na ngealltanas atá glactha ag na hArdpháirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún agus sna Prótacail a ghabhann leis a áirithiú, bunófar Cúirt Eorpach um Chearta an Duine, dá ngairtear "an Chúirt" anseo feasta. Feidhmeoidh sí ar bhonn buan.

## AIRTEAGAL 20

### An líon breithúna

Beidh an Chúirt comhdhéanta de líon breithiúna a bheidh ar cóimhéid le líon na nArdpháirtithe Conarthacha.

## AIRTEAGAL 21

### Na critéir don oifig

1. Beidh ard-cháil mhorálta ag na breithiúna agus caithfidh na cáilíochtaí riachtanacha chun ceapachán ard-phoist bhreithiúnaigh a bhaint amach a bheith acu, nó inniúlacht aitheanta mar dhlí-eolaí a bheith acu.

2. Beidh iarrthóirí níos óige ná 65 bliain d'aois ar an dáta faoinar iarradh an liosta triúr iarrthóirí leis an Tionól Parlaiminteach, de thoradh Airteagail 22.

3. Suífidh na breithiúna ar an gCúirt ina gcáil phearsanta.

4. Le linn a dtéarma oifige, ní dhéanfaidh na breithiúna aon ghníomh nach luíonn lena neamhspleáchas, lena neamhchlaontacht, ná le riachtanais oifige lán-aimseartha; is í an Chúirt a chinnteoidh gach ceist a eascróidh as feidhmiú na míre seo.

## AIRTEAGAL 22

### Breithiúna a thoghadh

Déanfaidh an Tionól Parlaiminteach na breithiúna a thoghadh, i dtaca le gach Ardpháirtí Conarthach, trí thromlach vótaí a chaithfear as liosta triúr iarrthóirí arna n-ainmniú ag an Ardpháirtí Conarthach.

## AIRTEAGAL 23

### Téarmaí oifige agus dífhostú

1. Toghfar na breithiúna go ceann tréimhse naoi mbliana. Ní fhéadfar iad a atoghadh.

2. Beidh na breithiúna i seilbh oifige go dtí go gcuirtear duine ina n-ionad. Leanfaidh siad ar aghaidh, áfach, ag déileáil le cibé cásanna a bheidh cheana féin á mbreithniú acu.

3. Ní fhéadfar aon bhreitheamh a dhífhostú óna oifig mura gcinnfidh na breithiúna eile le tromlach dhá thrian go bhfuil scortha ag an mbreitheamh sin de na coinníollacha riachtanacha a chomhall.

## AIRTEAGAL 24

### Clárlann agus rapóirtéirí

1. Beidh Clárlann ag an gCúirt, a ndéanfar a feidhmeanna agus a heagrú a leagan síos i rialacha na Cúirte.

2. Tabharfaidh rapóirtéirí, a fheidhmeoidh faoi údarás Uachtarán na Cúirte, cúnamh don Chúirt ina suí di i seisiún breithimh aonair. Beidh siad ina gcuid de Chlárlann na Cúirte.

## AIRTEAGAL 25

### Cúirt Iomlánach

Déanfaidh an Chúirt iomlánach



(a) a hUachtarán agus Leas-Uachtarán amháin nó beirt acu a thoghadh go ceann tréimhse trí bliana; féadfar iad a atoghadh;

(b) Dlísheomraí a chur ar bun, a bhunófar go gceann tréimhse socraithe ama;

(c) Uachtaráin Dhlísheomraí na Cúirte a thoghadh; féadfar iad a atoghadh;

(d) rialacha na Cúirte a ghlacadh;

(e) an Cláraitheoir agus Leas-Chláraitheoir amháin nó níos mó a thoghadh;

(f) aon iarraidh faoi Airteagal 26, mír 2 a dhéanamh.

## AIRTEAGAL 26

### Formáid breithimh aonair, Coistí, Dlísheomraí agus Ard-Dlísheomra

1. Chun breithniú a dhéanamh ar chásanna os a comhair, suífidh an Chúirt mar fhormáid breithimh aonair, mar choistí triúir breithiúna, mar Dhlísheomraí seachtair breithiúna, agus mar Ard-Dlísheomra seacht mbreithiúna déag. Bunóidh Dlísheomraí na Cúirte coistí go ceann tréimhse socraithe ama.

2. Féadfaidh an Coiste Airí, ar iarraidh ón gCúirt iomlánach, trí chinneadh d'aon toil agus go ceann tréimhse socraithe, líon breithiúna na nDlísheomraí a laghdú go cúigear.

3. Agus é ina shuí mar bhreitheamh aonair, ní scrúdóidh breitheamh aon iarratas i gcoinne an Ardpháirtí Chonarthaigh ar toghadh an breitheamh sin ina leith.

4. Suífidh an breitheamh a toghadh i leith an Ardpháirtí Chonarthaigh lena mbaineann mar chomhalta ex officio den Dlísheomra agus den Ard-Dlísheomra. Murab ann do bhreitheamh, nó mura bhfuil an breitheamh sin in ann suí, suífidh ina ionad duine i gcáil breithimh arna roghnú ag Uachtarán na Cúirte as liosta a bheidh curtha ar aghaidh roimh ré ag an bPáirtí sin.

5. Áireofar Uachtarán na Cúirte, na Leas-Uachtaráin, Uachtaráin na nDlísheomraí agus breithiúna eile a bheidh roghnaithe i gcomhréir le rialacha na Cúirte san Ard-Dlísheomra chomh maith. Nuair a tharchuirfear cás chuig an Ard-Dlísheomra faoi Airteagal 43, ní shuífidh san Ard-Dlísheomra aon bhreitheamh ón nDlísheomra a thug an breithiúnas, seachas Uachtarán an Dlísheomra agus an breitheamh a shuigh i leith an Ardpháirtí Chonarthaigh lena mbaineann.

## AIRTEAGAL 27

### Inniúlacht breithiúna aonair

1. Féadfaidh breitheamh aonair, maidir le hiarratas a chuirfear ar aghaidh faoi Airteagal 34, a dhearbhú go bhfuil sé neamh-inghlactha, nó é a scriosadh as liosta cásanna na Cúirte, i gcás go bhféadfar cinneadh den sórt sin a dhéanamh gan iniúchadh breise.

2. Cinneadh críochnaitheach a bheidh sa chinneadh sin.

3. Mura ndearbhóidh an breitheamh aonair go bhfuil iarratas neamh-inghlactha, nó mura scriosfaidh sé é, cuirfidh an breitheamh sin ar aghaidh chuig coiste nó chuig Dlísheomra é le haghaidh iniúchadh breise.

## AIRTEAGAL 28

### Inniúlacht Coistí

1. Maidir le hiarratas a chuirfear ar aghaidh faoi Airteagal 34, féadfaidh coiste, trí vóta d'aon toil,

(a) a dhearbhú go bhfuil sé neamh-inghlactha, nó é a scriosadh as a liosta cásanna, i gcás go bhféadfar cinneadh den sórt sin a dhéanamh gan iniúchadh breise; nó

(b) a dhearbhú go bhfuil sé inghlactha agus breithiúnas a thabhairt an tráth céanna ar na tuillteanais, má tá cásdlí dea-bhunaithe na Cúirte ann cheana maidir le buncheist an cháis, a bhaineann le léiriú nó cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin nó na bPrótacal a ghabhann leis.



2. Cinntí agus breithiúnais chríochnaitheacha a bheidh sna cinntí agus sna breithiúnais faoi mhír 1.

3. Mura bhfuil an breitheamh a thoghfar i leith an Ardpháirtí Chonarthaigh lena mbaineann ina chomhalta den choiste, féadfaidh an coiste, ag aon chéim de na himeachtaí, cuireadh a thabhairt don bhreitheamh sin ionad duine amháin de chomhaltaí an choiste a ghlacadh, ag féachaint do na tosca iomchuí uile, lena n-áirítear an ndearna an Páirtí sin feidhmiú an nóis imeachta faoi mhír 1.(b) a chonspóid.

## AIRTEAGAL 29

### Cinntí ó Dhlísheomraí maidir le hinghlacthacht agus tuillteanais

1. Mura ndéanfar cinneadh faoi Airteagal 27 nó 28, nó mura dtabharfar breithiúnas faoi Airteagal 28, déanfaidh Dlísheomra cinneadh maidir le hinghlacthacht agus maidir le tuillteanais iarratas aonair a bheidh curtha ar aghaidh faoi Airteagal 34. Féadfar an cinneadh maidir le hinghlacthacht a ghlacadh ar leithligh.

2. Déanfaidh Dlísheomra cinneadh maidir le hinghlacthacht agus maidir le tuillteanais iarratas idirstáit a chuirfear ar aghaidh faoi Airteagal 33. Déanfar an cinneadh maidir le hinghlacthacht a ghlacadh ar leithligh mura gcinnfidh an Chúirt a mhalairt, i gcásanna eisceachtúla.

## AIRTEAGAL 30

### Scarúint le dlínse don Ard-Dlísheomra

Nuair a bheidh cás ar feitheamh os comhair Dlísheomra ina bhfuil ceist thromchúiseach maidir le léiriú an Choinbhinsiúin nó na bPrótacal a ghabhann leis, nó nuair a d'fhéadfadh réiteach ceiste os comhair an Dlísheomra toradh a thabhairt atá ar neamhréir le breithiúnas a bheidh tugtha cheana féin ag an gCúirt, féadfaidh an Dlísheomra, tráth ar bith sula dtabharfaidh sé a bhreithiúnas, scarúint le dlínse i bhfabhar an Ard-Dlísheomrandéanfaidh ceann de na páirtithe sa chás agóid.

## AIRTEAGAL 31

### Cumhachtaí an Ard-Dlísheomra

Déanfaidh an tArd-Dlísheomra

(a) iarratais a bheidh curtha faoina bhráid faoi Airteagal 33 nó Airteagal 34 a chinneadh nuair a bheidh scartha le dlínse ag Dlísheomra faoi Airteagal 30 nó nuair a bheidh an cás tarchurtha chuige faoi Airteagal 43;

(b) cinneadh a dhéanamh ar shaincheisteanna a bheidh tarchurtha chun na Cúirte ag an gCoiste Airí de réir Airteagal 46, mír 4; agus

(c) iarrataí le haghaidh tuairimí comhairleacha a bheidh curtha faoina bhráid faoi Airteagal 47 a bhreithniú.

## AIRTEAGAL 32

### Dlínse na Cúirte

1. Leathfaidh dlínse na Cúirte chuig na hábhair uile a bhaineann le léiriú agus feidhm an Choinbhinsiúin agus na bPrótacal a ghabhann leis a bheidh tarchurtha chuige mar a fhoráiltear in Airteagail 33, 34, 46 agus 47.

2. I gcás díospóide i dtaobh an bhfuil nó nach bhfuil dlínse ag an gCúirt, is í an Chúirt a dhéanfaidh an cinneadh.

## AIRTEAGAL 33

### Cásanna Idirstáit

Féadfaidh aon Ardpháirtí Conarthach aon sárú líomhnaithe ar fhorálacha an Choinbhinsiúin, agus na bPrótacal a ghabhann leis, ó Ardpháirtí Conarthach eile a tharchur chun na Cúirte.



## AIRTEAGAL 34

### Iarratais aonair

Féadfaidh an Chúirt iarratais a fháil ó aon duine, aon eagraíocht neamhrialtasach, nó aon ghrúpa daoine aonair a éilíonn gur íospartach ar shárú iad ag ceann de na hArdpháirtithe Conarthacha ar na cearta a leagtar amach sa Choinbhinsiún, nó sna Prótacail a ghabhann leis. Glacfaidh na hArdpháirtithe Conarthacha orthu féin gan bac a chur ar fheidhmiú éifeachtach an chirt sin.

## AIRTEAGAL 35

### Critéir inghlacthachta

1. Ní fhéadfaidh an Chúirt déileáil leis an ábhar gan na leigheasanna intíre uile a bheith ídithe, i gcomhréir le gnáthrialacha aitheanta an dlí idirnáisiúnta, agus laistigh de thréimhse ceithre mhí ón dáta ar a ndearnadh an cinneadh críochnaitheach.

2. Ní dhéileálfaidh an Chúirt le haon iarratas a bheidh curtha ar aghaidh faoi Airteagal 34 atá (a) gan ainm; nó (b) ar aon dul go substaintiúil, le hábhar a ndearna an Chúirt scrúdú air cheana nó atá curtha faoi bhráid nós imeachta iniúchta idirnáisiúnta nó nós imeachta socraithe idirnáisiúnta eile agus gan eolas ábhartha nua ann.

3. Maidir le haon iarratas a bheidh curtha ar aghaidh faoi Airteagal 34, dearbhóidh an Chúirt go bhfuil sé neamh-inghlactha más rud é:

(a) go bhfuil an t-iarratas ar neamhréir le forálacha an Choinbhinsiúin nó na bPrótacal a ghabhann leis, go bhfuil sé go follasach gan bhunús, nó go bhfuil mí-úsáid cirt iarratais aonair ann; nó

(b) nach bhfuil míbhuntáiste suntasach fulaingthe ag an iarratasóir, mura bhfuil gá ann scrúdú a dhéanamh ar na tuillteanais san iarratas, ar mhaithe le hurraim do chearta an duine mar a mhínítear iad sa Choinbhinsiún agus sna Prótacail a ghabhann leis agus ar choinníoll nach ndiúltófar d'aon chás ar an bhforas sin ar cás é nach ndearna binse intíre a bhreithniú go cuí.

4. Diúltóidh an Chúirt d'aon iarratas a mheasann sí a bheith neamh-inghlactha faoin Airteagal seo. Féadfaidh sí é sin a dhéanamh ag aon chéim de na himeachtaí.

## AIRTEAGAL 36

### Idirghabháil tríú páirtí

1. I ngach cás os comhair Dlísheomra nó os comhair an Ard-Dlísheomra, beidh ceart ag Ardpháirtí Conarthach ar iarratasóir duine dá náisiúnaigh tráchtanna i scríbhinn a chur ar aghaidh agus páirt a ghlacadh sna héisteachtaí.

2. Féadfaidh Uachtarán na Cúirte, ar mhaithe le cuí-riaradh an cheartais, cuireadh a thabhairt d'aon Ardpháirtí Conarthach nach páirtí sna himeachtaí, nó d'aon duine nach é an t-iarratasóir é, tráchtanna i scríbhinn a chur ar aghaidh nó páirt a ghlacadh sna héisteachtaí.

3. I ngach cás os comhair Dlísheomra nó os comhair an Ard-Dlísheomra, féadfaidh Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine tráchtanna i scríbhinn a chur ar aghaidh agus páirt a ghlacadh sna héisteachtaí.

## AIRTEAGAL 37

### Iarratais a scriosadh

1. Féadfaidh an Chúirt a chinneadh ag aon chéim de na himeachtaí iarratas a scriosadh as a liosta cásanna i gcás inarb é tátal na n-imthosca:



(a) nach bhfuil rún ag an iarratasóir leanúint dá iarratas; nó

(b) gur socraíodh an t-ábhar; nó

(c) ar aon chúis eile arna bunú ag an gCúirt, nach bhfuil bonn cirt ann a thuilleadh chun leanúint de scrúdú an iarratais.

Leanfaidh an Chúirt le scrúdú a dhéanamh ar an iarratas, áfach, más gá déanamh amhlaidh ar mhaithe le hurraim do chearta an duine mar a mhínítear iad sa Choinbhinsiún agus sna Prótacail a ghabhann leis.

2. Féadfaidh an Chúirt a chinneadh iarratas a chur ar ais ar a liosta cásanna má mheasann sí go bhfuil bonn cirt ann déanamh amhlaidh.

## AIRTEAGAL 38

### Scrúdú an cháis

Déanfaidh an Chúirt scrúdú ar an gcás i gcomhar le hionadaithe na bpáirtithe agus, más gá, imscrúdú, a ndéanfaidh na hArdpháirtithe Conarthacha lena mbaineann na saoráidí uile is gá a chur ar fáil ar mhaithe lena sheoladh go héifeachtach.

## AIRTEAGAL 39

### Socraíochtaí cairdiúla

1. Féadfaidh an Chúirt, ag aon chéim de na himeachtaí, í féin a chur ar fáil do na páirtithe lena mbaineann chun socraíocht chairdiúil ar an ábhar a áirithiú ar bhonn urraim do chearta an duine mar a mhínítear iad sa Choinbhinsiún agus sna Prótacail a ghabhann leis.

2. Beidh imeachtaí a sheolfar faoi mhír 1 faoi rún.

3. Má bhaintear socraíocht chairdiúil amach, scriosfidh an Chúirt an cás as a liosta cásanna trí chinneadh nach mbeidh ann ach ráiteas gairid ar na fíricí agus ar an réiteach a bheidh bainte amach.

4. Tarchuirfear an cinneadh seo chuig an gCoiste Airí, a dhéanfaidh maoirseacht ar fhorghníomhú théarmaí na socraíochta cairdiúla mar atá leagtha amach sa chinneadh.

## AIRTEAGAL 40

### Éisteachtaí poiblí agus rochtain ar dhoiciméid

1. Tionólfar éisteachtaí go poiblí mura gcinnfidh an Chúirt, i gcásanna eisceachtúla, a mhalairt.

2. Beidh doiciméid a thaisctear leis an gCláraitheoir ar fáil don phobal mura gcinnfidh Uachtarán na Cúirte a mhalairt.

## AIRTEAGAL 41

### Sásamh cóir

Má fhaigheann an Chúirt gur sáraíodh an Coinbhinsiún nó na Prótacail a ghabhann leis, agus mura gceadaítear ach sásamh páirteach le dlí inmhéanach an Ardpháirtí Chonarthaigh lena mbaineann, cuirfidh an Chúirt, más gá, sásamh cóir ar fáil don pháirtí dochraithe.

## AIRTEAGAL 42

### Breithiúnais Dlísheomraí

Tiocfaidh Breithiúnais Dlísheomraí chun bheith ina mbreithiúnais chríochnaitheacha i gcomhréir le forálacha Airteagal 44, mír 2.

## AIRTEAGAL 43

### Tarchur chuig an Ard-Dlísheomra

1. Féadfaidh aon pháirtí sa chás, i gcásanna eisceachtúla, laistigh de thréimhse trí mhí ó dháta bhreithiúnas an Dlísheomra, a iarraidh go dtarchuirfear an cás chuig an Ard-Dlísheomra.



2. Glacfaidh painéal de chúigear breithiúna ón Ard-Dlísheomra leis an iarraidh má dhúisíonn an cás ceist thromchúiseach a dhéanann difear do léiriú nó d'fheidhm an Choinbhinsiúin nó na bPrótacal a ghabhann leis, nó ceist thromchúiseach a bhfuil tábhacht ghinearálta léi.

3. Má ghlacann an painéal leis an iarraidh, déanfaidh an tArd-Dlísheomra cinneadh ar an gcás trí bhreithiúnas.

## AIRTEAGAL 44

### Breithiúnais chríochnaitheacha

1. Breithiúnas críochnaitheach a bheidh i mbreithiúnas an Ard-Dlísheomra.

2. Tiocfaidh breithiúnas Dlísheomra chun bheith ina bhreithiúnas críochnaitheach
   (a) i gcás ina ndearbhaíonn na páirtithe nach n-iarrfaidh siad go dtarchuirfear an cás chuig an Ard-Dlísheomra; nó
   (b) trí mhí tar éis dháta an bhreithiúnais, murar iarradh an cás a tharchur chuig an Ard-Dlísheomra; nó
   (c) i gcás ina ndiúltóidh painéal an Ard-Dlísheomra don iarraidh tarchur a dhéanamh faoi Airteagal 43.

3. Foilseofar an breithiúnas críochnaitheach.

## AIRTEAGAL 45

### Cúiseanna le breithiúnais agus le cinntí

1. Tabharfar cúiseanna le breithiúnais chomh maith le cinntí ina ndearbhaítear go bhfuil iarratais inghlactha nó neamh-inghlactha.

2. Mura gcuireann breithiúnas in iúl go hiomlán nó go páirteach tuairim na mbreithiúna d'aon toil, beidh aon bhreitheamh i dteideal tuairim a thabhairt ar leithligh.

## AIRTEAGAL 46

**Brí cheangailteach breithiúnas agus a bhforghníomhú**

1. Gabhfaidh na hArdpháirtithe Conarthacha orthu féin cloí le breithiúnas críochnaitheach na Cúirte in aon chás ar páirtithe ann iad.

2. Tarchuirfear breithiúnas críochnaitheach na Cúirte chuig an gCoiste Airí, a mhaoirseoidh a fhorghníomhú.

3. Má mheasann an Coiste Airí go mbactar maoirseacht fhorghníomhú breithiúnais chríochnaithigh le fadhb a bhaineann le léiriú an bhreithiúnais, féadfaidh sé an t-ábhar a tharchur chun na Cúirte chun rialú a fháil ar cheist an léirithe. I gcás cinneadh chun tarchur a dhéanamh, beidh gá le vóta thromlach dhá thrian de na hionadaithe atá i dteideal suí ar an gcoiste.

4. Má mheasann an Coiste Airí go ndiúltaíonn Ardpháirtí Conarthach cloí le breithiúnas críochnaitheach i gcás ar páirtí ann é, féadfaidh sé, tar éis fógra foirmiúil a sheirbheáil ar an bPáirtí sin agus trí chinneadh arna ghlacadh le vóta thromlach dhá thrian de na hionadaithe atá i dteideal suí ar an gcoiste, ceist a tharchur chun na Cúirte i dtaobh ar mhainnigh an Páirtí sin a oibleagáid faoi mhír 1 a chomhlíonadh.

5. Má chinneann an Chúirt gur sáraíodh mír 1, tarchuirfidh si an cás chuig an gCoiste Airí chun na bearta a bheidh le déanamh a bhreithniú. Má chinneann an Chúirt nár sáraíodh mír 1, tarchuirfidh sí an cás chuig an gCoiste Airí, a chuirfidh deireadh lena scrúdú ar an gcás.

## AIRTEAGAL 47

**Tuairimí comhairleacha**

1. Féadfaidh an Chúirt, ar iarraidh ón gCoiste Airí, tuairimí comhairleacha a thabhairt maidir le ceisteanna dlí a bhaineann le léiriú an Choinbhinsiúin nó na bPrótacal a ghabhann leis.



2. Ní dhéilealfar i dtuairimí den sórt sin le haon cheist a bhaineann le hábhar nó raon feidhme na gceart nó na saoirsí a mhínítear i Roinn I den Choinbhinsiún agus sna Prótacail a ghabhann leis, nó le haon cheist eile ar cheist í a chaithfeadh an Chúirt nó an Coiste Airí a bhreithniú de thoradh aon chineál imeachtaí den sort sin a d'fhéadfaí a thionscnamh i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún.

3. I gcás chinntí an Choiste Airí tuairim chomhairleach a iarraidh ón gCúirt, beidh gá le vóta thromlach na n-ionadaithe atá i dteideal suí ar an gcoiste.

## AIRTEAGAL 48

**Dlínse chomhairleach na Cúirte**

Cinnfidh an Chúirt an bhfuil iarraidh ar thuairim chomhairleach a bheidh curtha ar aghaidh ag an gCoiste Airí laistigh dá inniúlacht mar a mhínítear in Airteagal 47.

## AIRTEAGAL 49

**Cúiseanna le tuairimí comhairleacha**

1. Tabharfar cúiseanna le tuairimí comhairleacha na Cúirte.

2. Mura gcuireann an tuairim chomhairleach in iúl, go hiomlán nó go páirteach, tuairim na mbreithiúna d'aon toil, beidh aon bhreitheamh i dteideal tuairim a thabhairt ar leithligh.

3. Cuirfear tuairimí comhairleacha na Cúirte in iúl don Choiste Airí.

## AIRTEAGAL 50

**Caiteachas ar an gCúirt**

Íocfaidh Comhairle na hEorpa an caiteachas ar an gCúirt.

## AIRTEAGAL 51

**Pribhléidí agus díolúintí breithiúna**

Beidh na breithiúna i dteideal, le linn feidhmiú a bhfeidhmeanna, pribhléidí agus saoirsí dá bhforáiltear in Airteagal 40 de Reacht Chomhairle na hEorpa agus sna comhaontuithe arna ndéanamh faoi.

# ROINN III FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA

## AIRTEAGAL 52

**Fiosrúcháin ag an Ard-Rúnaí**

Ar iarraidh a fháil ó Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, tabharfaidh aon Ardpháirtí Conarthach míniú maidir leis an modh lena gcinntítear go bhfuil aon cheann d'fhorálacha an Choinbhinsiúin á chur chun feidhme go héifeachtach lena dhlí inmhéanach.

## AIRTEAGAL 53

**Cosaint ar chearta an duine atá ann cheana**

Ní fhorléireofar aon ní sa Choinbhinsiún seo mar ní lena gcuirtear teorainn le haon cheann de chearta an duine agus de na saoirsí bunúsacha a fhéadfar a áirithiú faoi dhlíthe Ardpháirtí Chonarthaigh ná faoi dhlíthe aon chomhaontú eile ar páirtí ann é, nó mar ní de mhaolú uathu.

## AIRTEAGAL 54

**Cumhachtaí an Choiste Airí**

Ní dhéanfaidh aon ní sa Choinbhinsiún seo dochar do na cumhachtaí a thugtar don Choiste Airí le Reacht Chomhairle na hEorpa.



## AIRTEAGAL 55

**Modhanna eile um réiteach díospóide a eisiamh**

Comhaontaíonn na hArdpháirtithe Conarthacha nach mbainfidh siad leas, seachas trí chomhaontú speisialta, as conarthaí, as coinbhinsiúin, ná as dearbhuithe a bheidh i bhfeidhm eatarthu chun díospóid a chur ar aghaidh, trí achainí, ar díospóid í a eascróidh as léiriú nó as feidhm an Choinbhinsiúin seo, chuig meán socraíochta seachas iad siúd dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún seo.

## AIRTEAGAL 56

**Feidhm chríochach**

1. Féadfaidh aon Stát, tráth a dhaingnithe nó aon tráth ina dhiaidh sin, a dhearbhú trí fhógra arna dhíriú chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa go leathfaidh an Coinbhinsiún seo, faoi réir mhír 4 den Airteagal seo, chuig gach críoch nó aon chríoch a bhfuil sé freagrach as a chaidreamh idirnáisiúnta.

2. Leathfaidh an Coinbhinsiún chuig an gcríoch nó chuig na críocha a ainmneofar san fhógra amhail ón tríochadú lá tar éis d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa an fógra a fháil.

3. Cuirfear forálacha an Choinbhinsiúin seo i bhfeidhm sna críocha sin agus aird chuí á tabhairt ar riachtanais áitiúla, áfach.

4. Féadfaidh aon Stát a bhfuil dearbhú déanta aige i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, tráth ar bith ina dhiaidh sin a dhearbhú, thar ceann críche amháin nó níos mó lena mbaineann an dearbhú, go nglacann sé le hinniúlacht na Cúirte chun iarratais a fháil ó dhaoine aonair, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, nó ó ghrúpaí daoine aonair mar a fhoráiltear le hAirteagal 34 den Choinbhinsiún.

## AIRTEAGAL 57

### Forchoimeádais

1. Féadfaidh aon Stát, le linn dó an Coinbhinsiún seo a shíniú nó le linn dó a ionstraim dhaingniúcháin a thaisceadh, forchoimeádas a dhéanamh maidir le haon fhoráil áirithe den Choinbhinsiún a mhéid nach bhfuil an dlí a bheidh i bhfeidhm ina chríoch i gcomhréir leis an bhforáil sin. Ní cheadófar forchoimeádais de chineál ginearálta faoin Airteagal seo.

2. Beidh in aon fhorchoimeádas a dhéantar faoin Airteagal seo ráiteas gairid maidir leis an dlí lena mbaineann.

## AIRTEAGAL 58

### Séanadh

1. Ní fhéadfaidh Ardpháirtí Conarthach an Coinbhinsiún seo a shéanadh ach amháin ar cúig bliana a bheith caite ón dáta a tháinig sé chun bheith ina pháirtí ann agus tar éis fógra sé mhí a bheidh ar áireamh i bfógra a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, agus cuirfidh sé nó sí an méid sin in iúl do na hArdpháirtithe Conarthacha eile.

2. Ní bheidh d'éifeacht ag an séanadh sin an tArdpháirtí Conarthach atá i gceist a fhuascailt óna oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún seo maidir le haon ghníomh a d'fhéadfadh a bheith ina shárú ar na hoibleagáidí sin agus a d'fhéadfadh a bheith déanta aige roimh an dáta a tháinig an séanadh sin in éifeacht.

3. Scoirfidh aon Ardpháirtí Conarthach de bheith ina Pháirtí don Choinbhinsiún seo nuair a scoirfidh sé de bheith ina chomhalta de Chomhairle na hEorpa, faoi na coinníollacha céanna.

4. Féadfar an Coinbhinsiún a shéanadh i gcomhréir le forálacha na míreanna roimhe seo i ndáil le haon chríoch ar dearbhaíodh réim a bheith ag an gCoinbhinsiún maidir léi.



## AIRTEAGAL 59

### Síniú agus daingniú

1. Beidh an Coinbhinsiún seo ar fáil le haghaidh síniú chomhaltaí Chomhairle na hEorpa. Daingneofar é. Taiscfear na daingniúcháin le hArd-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

2. Féadfaidh an tAontas Eorpach aontú a dhéanamh leis an gCoinbhinsiún seo.

3. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm nuair a thaiscfear deich n-ionstraim dhaingniúcháin.

4. Maidir le haon sínitheoir a dhaingneoidh iardain, tiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm ar an dáta a thaiscfear a ionstraim dhaingniúcháin.

5. Cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa teacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin, ainmneacha na nArdpháirtithe Conarthacha a dhaingnigh é, agus taisceadh na n-ionstraimí daingniúcháin a dhéanfar iardain in iúl do chomhaltaí uile Chomhairle na hEorpa.

Arna dhéanamh sa Róimh, an 4ú lá de Shamhain 1950, i mBéarla agus i bhFraincis, an dá théacs comhúdarásach, i gcóip amháin a bheidh ar taisceadh i gcartlann Chomhairle na hEorpa. Tarchuirfidh an tArd-Rúnaí cóipeanna deimhnithe chuig gach sínitheoir.

# Prótacal

## a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint

Páras, 20.III.1952

Tá na Rialtais is sínitheoirí leis seo, Comhaltaí de Chomhairle na hEorpa,

Iad meáite ar bhearta a ghlacadh le forfheidhmiú comhchoiteann cearta agus saoirsí áirithe a áirithiú seachas na cinn a cuireadh san áireamh cheana in Alt I den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 (dá ngairfear "an Coinbhinsiún" anseo feasta),

Tar éis comhaontú mar a leanas:

### AIRTEAGAL 1

#### Cosaint maoine

Tá gach duine nádúrtha nó dlítheanach i dteideal teachtadh sítheoilte ar a shealúchas. Ní bhainfear a shealúchas d'aon duine ach amháin ar mhaithe le leas an phobail agus faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear leis an dlí agus le prionsabail ghinearálta an dlí idirnáisiúnta.

Ní dhéanfaidh na forálacha roimhe seo, mar sin féin, dochar ar aon bhealach do cheart an Stáit dlíthe den sórt sin a fhorfheidhmiú de réir mar a mheasann sé is gá chun úsáid maoine a rialú i gcomhréir leis an leas ginearálta nó chun íoc cánacha nó ranníocaíochtaí nó pionós a urrú.



### AIRTEAGAL 2

#### Ceart chun oideachais

Ní dhiúltófar do dhuine ar bith an ceart chun oideachais. Le linn dó aon fheidhmeanna a ghlacann a fheidhmiú a mhéid a bhaineann leis an oideachas agus leis an teagasc, léireoidh an Stát meas ar chearta tuismitheoirí chun oideachas agus teagasc den sórt sin a áirithiú i gcomhréir lena gcuid creideamh reiligiúnach agus fealsúnach.

### AIRTEAGAL 3

#### Ceart chun saorthoghchán

Glacann na hArdpháirtithe Conarthacha orthu féin saorthoghcháin a reáchtáil ag eatraimh réasúnta le ballóid rúnda, faoi choinníollacha lena n-áiritheofar saoirse tuairim an phobail a nochtadh maidir leis an reachtas a roghnú.

### AIRTEAGAL 4

#### Cur i bhfeidhm críochach

Déanfaidh aon Ardpháirtí Conarthach, tráth an tsínithe nó an daingniúcháin, nó tráth ar bith ina dhiaidh sin, Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa a chur ar an eolas maidir leis an dearbhú lena luaitear a mhéid a ngeallann sé go mbeidh feidhm ag forálacha an Phrótacail reatha maidir leis na críocha sin a bhfuil sé freagrach as a caidreamh idirnáisiúnta a bheidh ainmnithe ann.

Féadfaidh aon Ardpháirtí Conarthach a mbeidh an dearbh curtha in iúl aige de bhua na míre sin roimhe seo, ó am go ham dearbhú breise a chur in iúl a mhodhnóidh téarmaí aon dearbhaithe roimhe seo nó a fhoirceannann feidhm forálacha an Phrótacail seo maidir le haon chríoch.

Measfar dearbhú arna dhéanamh de réir an Airteagail seo a bheith déanta de réir mhír 1 d'Airteagal 56 den Choinbhinsiún.

### AIRTEAGAL 5

**Gaolmhaireacht leis an gCoinbhinsiún**

Amhail idir na hArdpháirtithe Conarthacha, measfar forálacha Airteagail 1, 2, 3 agus 4 den Phrótacal seo mar Airteagail bhreise ar an gCoinbhinsiún, agus beidh feidhm dá réir sin ag forálacha uile an Choinbhinsiúin.

### AIRTEAGAL 6

**Síniú agus daingniú**

Beidh an Prótacal seo ar oscailt lena shíniú ag comhaltaí Chomhairle na hEorpa, ar sínitheoirí iad den Choinbhinsiún; déanfar é a dhaingniú ag an am céanna nó i ndiaidh dhaingniúchán an Choinbhinsiún. Tiocfaidh sé i bhfeidhm tar éis taisceadh deich n-ionstraime daingniúcháin. Maidir le haon sínitheoir a dhaingneoidh dá éis sin, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm ar dháta thaisceadh a ionstraime daingniúcháin.

Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le hArd-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, agus tabharfaidh sé nó sí ainmneacha na ndaoine a dhaingnigh na comhaltaí go léir.

Arna dhéanamh i bPáras an 20ú lá de Mhárta, 1952, i mBéarla agus i bhFraincis, agus comhúdarás ag gach téacs, i gcóip amháin a bheidh ar taisceadh i gcartlanna Chomhairle na hEorpa. Chuirfidh an tArd-Rúnaí cóipeanna deimhnithe chuig gach ceann de na rialtais sínithe.



# Prótacal Uimh. 4

## a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus lena n-áirithítear cearta agus saoirsí áirithe seachas na cearta agus na saoirsí sin atá ar áireamh cheana féin sa Choinbhinsiún agus sa Chéad Phrótacal a ghabhann leis

Strasbourg, 16.IX.1963

Tá na Rialtais is sínitheoirí leis seo, Comhaltaí de Chomhairle na hEorpa,

Iad meáite ar bhearta a ghlacadh le forfheidhmiú comhchoiteann cearta agus saoirsí áirithe a áirithiú seachas na cinn a cuireadh san áireamh cheana in Alt I den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 (dá ngairfear "an Coinbhinsiún" anseo feasta), agus in Airteagal 1 go 3 den Chéad Phrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, arna shíniú i bPáras an 20 Márta 1952,

Tar éis comhaontú mar a leanas:

## AIRTEAGAL 1

### Cosc ar phríosúnacht i gcás fiachais

Ní bhainfear a shaoirse ó dhuine ar bith ar an bhforas amháin go bhfuil sé dodhéanta oibleagáid chonarthach a chomhlíonadh.

## AIRTEAGAL 2

### Saoirse gluaiseachta

1. Beidh ag gach duine go dleathach ar chríoch Stáit, laistigh den chríoch sin, an ceart chun saoirse gluaiseachta agus saoirse chun a áit chónaithe a roghnú.

2. Beidh saoirse ag gach duine aon tír a fhágáil, lena n-áirítear a thír féin.

3. Ní chuirfear srian ar fheidhmiú na gceart sin seachas den sórt a fhorordaítear le dlí agus atá riachtanach i sochaí dhaonlathach ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta nó sábháilteacht an phobail, chun ainriail nó coireacht a chosc, chun sláinte nó moráltacht a chosaint nó chun cearta nó saoirsí daoine eile a chosaint.

4. Féadfaidh na cearta a leagtar amach i mír 1 a bheith faoi réir, i réimsí áirithe, srianta a fhorchuirtear i gcomhréir leis an dlí agus a bhfuil bonn cirt leo i bhfianaise leas an phobail i sochaí dhaonlathach.

## AIRTEAGAL 3

### Cosc ar náisiúnaigh a dhíbirt

1. Ní dhíbreofar aon duine, trí bhíthin beart aonair nó trí bhíthin comhbhirt, ó chríoch an Stáit dar náisiúnach é.

2. Ní bhainfear an ceart d’aon duine teacht isteach i gcríoch an Stáit dar náisiúnach é.



## AIRTEAGAL 4

### Cosc ar dhíbirt chomhchoiteann eachtrannaigh

Tá cosc ar dhíbirt chomhchoiteann eachtrannaigh

## AIRTEAGAL 5

### Cur i bhfeidhm críochach

1. Déanfaidh aon Ardpháirtí Conarthach, tráth an tsínithe nó an daingniúcháin den Phrótacal seo, nó tráth ar bith ina dhiaidh sin, Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa a chur ar an eolas maidir leis an dearbhú lena luaitear a mhéid a ngeallann sé go mbeidh feidhm ag forálacha an Phrótacail seo maidir leis na críocha sin a bhfuil sé freagrach as a caidreamh idirnáisiúnta a bheidh ainmnithe ann.

2. Féadfaidh aon Ardpháirtí Conarthach a mbeidh dearbhú curtha in iúl aige de bhua na míre sin roimhe seo, ó am go ham dearbhú breise a chur in iúl a mhodhnóidh téarmaí aon dearbhaithe roimhe seo nó a fhoirceannann feidhm fhorálacha an Phrótacail seo maidir le haon chríoch.

3. Measfar dearbhú arna dhéanamh de réir an Airteagail seo a bheith déanta de réir mhír 1 d’Airteagal 56 den Choinbhinsiún.

4. Déileálfar mar chríocha ar leithligh le críoch aon Stáit lena mbaineann an Prótacal seo de bhua a dhaingnithe nó glactha ag an Stát sin, agus gach críoch lena gcuirtear an Prótacal seo chun feidhme de bhua dearbhaithe ón Stát sin faoin Airteagal seo chun críche na dtagairtí in Airteagail 2 agus 3 do chríoch Stáit.

5. Féadfaidh aon Stát a mbeidh dearbhú déanta aige de réir mhír 1 nó mhír 2 den Airteagal seo tráth ar bith dá éis sin a dhearbhú thar ceann amháin nó níos mó de na críocha lena mbaineann an dearbhú go nglacann sé le hinniúlacht na Cúirte iarratais a fháil ó dhaoine aonair, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha nó ó ghrúpaí

daoine aonair dá bhforáiltear in Airteagal 34 den Choinbhinsiún i leith na nAirteagal 1 go 4 den Phrótacal seo nó i leith aon cheann de na hAirteagail sin.

### AIRTEAGAL 6

**Gaolmhaireacht leis an gCoinbhinsiún**

Amhail idir na hArdpháirtithe Conarthacha, measfar forálacha Airteagail 1 go 5 den Phrótacal seo mar Airteagail bhreise ar an gCoinbhinsiún, agus beidh feidhm dá réir sin ag forálacha uile an Choinbhinsiúin.

### AIRTEAGAL 7

**Síniú agus daingniú**

1. Beidh an Prótacal seo ar oscailt lena shíniú ag comhaltaí Chomhairle na hEorpa, ar sínitheoirí iad den Choinbhinsiún; déanfar é a dhaingniú ag an am céanna nó i ndiaidh dhaingniúchán an Choinbhinsiún. Tiocfaidh sé i bhfeidhm tar éis taisceadh cúig ionstraime daingniúcháin. Maidir le haon sínitheoir a dhaingneoidh dá éis sin, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm ar dháta thaisceadh a ionstraime daingniúcháin.

2. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le hArd-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, agus tabharfaidh sé nó sí ainmneacha na ndaoine a dhaingnigh na comhaltaí go léir.

Dá fhianú sin, tá na daoine sin a bhfuil a síniú anseo thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige, tar éis an Prótacal seo a shíniú.

Arna dhéanamh i Strasbourg an 16ú lá de mhí Mheán Fómhair, 1963, i mBéarla agus i bhFraincis, agus comhúdarás ag gach téacs, i gcóip amháin a bheidh ar taisceadh i gcartlanna Chomhairle na hEorpa. Chuirfidh an tArd-Rúnaí cóipeanna deimhnithe chuig gach ceann de na stáit is sínitheoirí.



# Prótacal Uimh. 6

## a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint agus maidir le deireadh a chur le pionós an bháis

Strasbourg, 28.IV.1983

Na Ballstáit de Chomhairle na hEorpa, a shínigh an Prótacal seo a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950 (dá ngairtear “an Coinbhinsiún” anseo feasta),

Ós rud é go léiríonn an éabhlóid atá tarlaithe i roinnt Ballstát de chuid Chomhairle na hEorpa claonadh ginearálta i bhfabhar deireadh a chur le pionós an bháis;

Tar éis comhaontú mar a leanas:

### AIRTEAGAL 1

**Deireadh a chur le pionós an bháis**

Cuirfear deireadh le pionós an bháis. Ní dhéanfar aon duine a dhaoradh chun pionós den sórt sin ná a chur chun báis.

### AIRTEAGAL 2

**Pionós an bháis le linn cogaidh**

Féadfaidh Stát foráil a dhéanamh ina dhlí le haghaidh phionós an bháis i leith gníomhartha a rinneadh in am cogaidh nó i leith gar-bhagairt chogaidh; ní chuirfear an pionós sin i bhfeidhm ach

amháin sna cásanna atá leagtha síos sa dlí agus i gcomhréir lena fhorálacha. Cuirfidh an Stát forálacha ábhartha an dlí sin in iúl d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

## AIRTEAGAL 3

### Cosc ar mhaoluithe

Ní dhéanfar aon mhaolú ó fhorálacha an Phrótacail seo faoi Airteagal 15 den Choinbhinsiún.

## AIRTEAGAL 4

### Cosc ar fhorchoimeádais

Ní fhéadfar forchoimeádais a dhéanamh faoi Airteagal 57 den Choinbhinsiún maidir le forálacha an Phrótacail seo.

## AIRTEAGAL 5

### Cur i bhfeidhm críochach

1. Féadfaidh Stát ar bith, tráth a shínithe nó nuair a bheidh a ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó fhormheasta á thaisceadh aige, an chríoch nó na críocha a mbeidh feidhm ag an bPrótacal seo maidir leo a shonrú.

2. Féadfaidh aon Stát ar aon dáta níos déanaí, trí dhearbhú a bheidh dírithe chun Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, feidhmiú an Phrótacail seo a leathnú chuig aon chríoch eile a bheidh sonraithe sa dearbhú. Maidir le críoch den sórt sin, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm ar an gcéad lá den chéad mhí eile an dáta a bhfaighidh an tArd-Rúnaí an dearbhú sin.

3. Féadfar aon dearbhú a dhéanfar faoin dá mhír roimhe seo, maidir le haon chríoch a shonrófar sa dearbhú sin, a tharraingt siar trí fhógra a bheidh dírithe chuig an Ard-Rúnaí. Tiocfaidh an tarraingt siar in éifeacht ar an gcéad lá den mhí tar éis an dáta a bhfaighidh an tArd-Rúnaí an fógra sin.



## AIRTEAGAL 6

### Gaolmhaireacht leis an gCoinbhinsiún

Amhail idir na Stáit is Páirtithe, measfar forálacha Airteagail 1 go 5 den Phrótacal seo mar Airteagail bhreise ar an gCoinbhinsiún, agus beidh feidhm dá réir sin ag forálacha uile an Choinbhinsiúin.

## AIRTEAGAL 7

### Síniú agus daingniú

Beidh an Prótacal seo ar oscailt lena shíniú ag Ballstáit Chomhairle na hEorpa is sínitheoirí an Choinbhinsiúin. Beidh sé faoi réir daingnithe, glactha nó formheasa. Ní fhéadfaidh Ballstát de Chomhairle na hEorpa an Prótacal seo a dhaingniú, a ghlacadh ná a fhormheas ach amháin má tá an Coinbhinsiún daingnithe aige go comhuaineach nó roimhe sin. Taiscfear na hionstraimí ionstraim daingniúcháin, glactha nó formheasta le hArd-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

## AIRTEAGAL 8

### Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis an dáta a shonraigh cúig Bhallstát de Chomhairle na hEorpa a dtoiliú a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal i gcomhréir le forálacha Airteagal 7.

2. Maidir le haon Bhallstát a chuirfidh in iúl dá éis sin a thoiliú a bheith faoi cheangal aige, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis dáta thaisceadh na hionstraime daingniúcháin, glactha nó formheasta.

### AIRTEAGAL 9

**Feidhmeanna taiscí**

Cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa an méid seo a leanas in iúl do Bhallstáit na Comhairle:

(a) aon síniú;

(b) taisceadh aon ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó fhormheasta

(c) aon dáta ar a dtiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm de réir Airteagail 5 agus 8;

(d) aon acht, aon fhógra nó aon chumarsáid eile a bhaineann leis an bPrótacal seo.

Dá fhianú sin, tá na daoine sin a bhfuil a síniú anseo thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige, tar éis an Prótacal seo a shíniú.

Arna dhéanamh i Strasbourg an 28ú lá de mhí Aibreán, 1983, i mBéarla agus i bhFraincis, agus comhúdarás ag gach téacs, i gcóip amháin a bheidh ar taisceadh i gcartlanna Chomhairle na hEorpa. Cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa cóipeanna deimhnithe de chuig gach Ballstát de chuid Chomhairle na hEorpa.



# Prótacal Uimh. 7

## a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint

Strasbourg, 22.XI.1984

Tá Ballstáit Chomhairle na hEorpa, is sínitheoirí leis seo,

Iad meáite ar bhearta breise a ghlacadh le forfheidhmiú comhchoiteann cearta agus saoirsí áirithe a áirithiú trí bhíthin an Choinbhinsiúin Eorpaigh chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 (dá ngairfear "an Coinbhinsiún" anseo feasta),

Tar éis comhaontú mar a leanas:

### AIRTEAGAL 1

**Coimircí nós imeachta a bhaineann le díbirt eachtrannaigh**

1. Eachtrannach a chónaíonn go dleathach ar chríoch Stáit, ní dhéanfar é a dhíbirt as ach amháin de bhun cinnidh ar thángthas air de réir dlí agus ceadófar:

(a) cúiseanna a lua in aghaidh a dhíbeartha,

(b) athbhreithniú a fháil ar a chás, agus

(c) ionadaíocht a fháil chun na críocha sin os comhair an údaráis inniúil nó duine nó daoine ainmnithe ag an údarás sin.

2. Féadfar eachtrannach a dhíbirt sula bhfeidhmeoidh sé a chearta faoi mhír 1.(a), (b) agus (c) den Airteagal seo, nuair is gá an díbirt sin ar mhaithe leis an ord poiblí nó nuair atá sé bunaithe ar chúiseanna slándála náisiúnta.

## AIRTEAGAL 2

### Ceart achomhairc in ábhair choiriúla

1. Beidh an ceart ag aon duine a chiontóidh binse i gcion coiriúil go ndéanfaidh binse níos airde athbhreithniú ar a chiontú nó ar a phianbhreith. Beidh feidhmiú an chirt seo, lena n-áirítear na forais ar a bhféadfar é a fheidhmiú, faoi rialú ag an dlí.

2. Féadfaidh an ceart seo a bheith faoi réir eisceachtaí maidir le cionta de mhion-díobhála, mar a fhorordaítear le dlí, nó i gcásanna ina ndearnadh an duine lena mbaineann a thriail sa chéad ásc ag an mbinse is airde nó inar ciontaíodh é tar éis achomharc i gcoinne éigiontú.

## AIRTEAGAL 3

### Cúiteamh le haghaidh ciontú éagórach

Nuair a chiontaítear duine trí chinneadh deiridh i gcion coiriúil agus nuair a aisiompaítear a chiontú ina dhiaidh sin, nó nuair a thugtar pardún dó, ar an bhforas go léiríonn fíoras nua nó nua-aimsithe go cinntitheach gur tharla iomrall ceartais, déanfar an duine a d'fhulaing pionós mar thoradh ar an gciontú sin a chúiteamh de réir dlí nó chleachtais an Stáit áirithe, mura gcruthófar go bhfuil neamhnochtadh an fhíorais anaithnid in am inchurtha go hiomlán nó go páirteach ina leith.



## AIRTEAGAL 4

### An ceart chun nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó

1. Ní dhlífear aon duine a thriail ná a phionósú athuair in imeachtaí coiriúla faoi dhlínse an Stáit chéanna i leith ar éigiontaíodh nó ar ciontaíodh é go críochnaitheach i gcomhréir leis an dlí agus nós imeachta an Stáit sin.

2. Ní choiscfidh forálacha na míre sin roimhe seo an cás a athoscailt i gcomhréir le dlí agus nós imeachta pionósach an Stáit lena mbaineann, má tá fianaise ar fhíorais nua nó nua-aimsithe, nó más rud é go raibh locht bunúsach sna himeachtaí roimhe seo, a d'fhéadfadh cur isteach ar thoradh an cháis.

3. Ní dhéanfar aon mhaolú ón Airteagal seo faoi Airteagal 15 den Choinbhinsiún.

## AIRTEAGAL 5

### Comhionannas idir céilí

Beidh comhionannas cearta agus freagrachtaí de chineál an dlí phríobháidigh ag úsáidí eatarthu, agus ina gcaidreamh lena leanaí, maidir le pósadh, le linn an phósta agus i gcás a lánscoir. Ní choiscfidh an tAirteagal seo ar Stáit cibé bearta a ghlacadh is gá ar mhaithe leis na leanaí.

## AIRTEAGAL 6

### Cur i bhfeidhm críochach

1. Féadfaidh Stát ar bith, tráth a shínithe nó nuair a bheidh a ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó fhormheasta á thaisceadh aige, an chríoch nó na críocha a mbeidh feidhm ag an bPrótacal agus luafar ann a mhéid a ghabhfaidh sé air féin go mbainfidh forálacha an Phrótacail seo leis an gcríoch nó na críocha sin.

2. Féadfaidh aon Stát ar aon dáta níos déanaí, trí dhearbhú a bheidh dírithe chun Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, feidhmiú an Phrótacail seo a leathnú chuig aon chríoch eile a bheidh sonraithe sa dearbhú. Maidir le críoch den sórt sin, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm ar an gcéad lá den chéad mhí eile tar éis dheireadh tréimhse dhá mhí tar éis an dáta a bhfaighidh an tArd-Rúnaí an dearbhú sin.

3. Féadfar aon dearbhú a dhéanfar faoin dá mhír roimhe seo, maidir le haon chríoch a shonrófar sa dearbhú sin, a tharraingt siar nó a mhodhnú trí fhógra a bheidh dírithe chuig an Ard-Rúnaí. Tiocfaidh an tarraingt siar nó an modhnú in éifeacht ar an gcéad lá den mhí tar éis dul in éag do thréimhse dhá mhí tar éis an dáta a bhfaighidh an tArd-Rúnaí an fógra sin.

4. Measfar dearbhú arna dhéanamh de réir an Airteagail seo a bheith déanta de réir mhír 1 d'Airteagal 56 den Choinbhinsiún.

5. Féadfar déileáil le críoch aon Stáit lena mbaineann an Prótacal seo mar chríocha ar leithligh de bhua a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhormheasa ag an Stát sin, agus gach críoch lena gcuirtear an Prótacal seo chun feidhme de bhua dearbhaithe ón Stát sin faoin Airteagal seo chun críche na dtagairtí in Airteagail 1 do chríoch Stáit.

6. Féadfaidh aon Stát a mbeidh dearbhú déanta aige de réir mhír 1 nó mhír 2 den Airteagal seo tráth ar bith dá éis sin a dhearbhú thar ceann amháin nó níos mó de na críocha lena mbaineann an dearbhú go nglacann sé le hinniúlacht na Cúirte iarratais a fháil ó dhaoine aonair, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha nó ó ghrúpaí daoine aonair dá bhforáiltear in Airteagal 34 den Choinbhinsiún i leith na nAirteagal 1 go 5 den Phrótacal seo.



## AIRTEAGAL 7

### Gaolmhaireacht leis an gCoinbhinsiún

Amhail idir na Stáit is Páirtithe, measfar forálacha Airteagal 1 go 6 den Phrótacal seo mar Airteagail bhreise ar an gCoinbhinsiún, agus beidh feidhm dá réir sin ag forálacha uile an Choinbhinsiúin.

## AIRTEAGAL 8

### Síniú agus daingniú

Beidh an Prótacal seo ar oscailt lena shíniú ag Ballstáit de Chomhairle na hEorpa a shínigh an Coinbhinsiún. Tá sé faoi réir daingnithe, glactha nó formheasa. Ní fhéadfaidh Ballstát de Chomhairle na hEorpa an Prótacal seo a dhaingniú, a ghlacadh ná a fhormheas gan an Coinbhinsiún a dhaingniú roimhe sin nó go comhuaineach. Taiscfear na hionstraimí ionstraim daingniúcháin, glactha nó formheasta le hArd-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

## AIRTEAGAL 9

### Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis dul in éag do thréimhse dhá mhí tar éis an dáta a shonraigh seacht mBallstát de Chomhairle na hEorpa a dtoiliú a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal i gcomhréir le forálacha Airteagal 8.

2. Maidir le haon Bhallstát a chuirfidh in iúl dá éis sin a thoiliú a bheith faoi cheangal aige, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis dul in éag do thréimhse dhá mhí tar éis dáta thaisceadh na hionstraime daingniúcháin, glactha nó formheasta.

## AIRTEAGAL 10

**Feidhmeanna taiscí**

Cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa an méid seo a leanas in iúl do gach Ballstát de chuid Comhairle na hEorpa:

(a) aon síniú;

(b) taisceadh aon ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó fhormheasta

(c) aon dáta ar a dtiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm de réir Airteagail 6 agus 9;

(d) aon acht, aon fhógra nó aon dearbhú eile a bhaineann leis an bPrótacal seo.

Dá fhianú sin, tá na daoine sin a bhfuil a síniú anseo thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige, tar éis an Prótacal seo a shíniú.

Arna dhéanamh i Strasbourg an 22ú lá de mhí na Samhna, 1984, i mBéarla agus i bhFraincis, agus comhúdarás ag gach téacs, i gcóip amháin a bheidh ar taisceadh i gcartlanna Chomhairle na hEorpa. Cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa cóipeanna deimhnithe de chuig gach Ballstát de chuid Chomhairle na hEorpa.



# Prótacal Uimh. 12

## a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint

an Róimh, 4.XI.2000

Tá Ballstáit Chomhairle na hEorpa, is sínitheoirí leis seo,

Ag féachaint don bhunphrionsabal ar dá réir a bheidh gach duine comhionann os comhair an dlí agus go bhfuil siad i dteideal cosaint chomhionann an dlí;

Iad meáite ar bhearta breise a ghlacadh le comhionannas gach uile duine a chur chun cinn trí chomh-fhorfheidhmiú an toirmisc ginearálta ar idirdhealú trí bhíthin an Choinbhinsiúin Eorpaigh chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 (dá ngairfear "an Coinbhinsiún" anseo feasta),

Ag athdhaingniú dóibh nach gcuireann prionsabal an neamh-idirdhealaithe cosc ar Stáit is Páirtithe bearta a dhéanamh chun comhionannas iomlán agus éifeachtach a chur chun cinn, ar choinníoll go bhfuil bonn cirt oibiachtúil agus réasúnach ann leis na bearta sin,

Tar éis comhaontú mar a leanas:

## AIRTEAGAL 1

### Toirmeasc ginearálta ar idirdhealú

1. Déanfar teachtadh aon chirt atá leagtha amach le dlí a áirithiú gan idirdhealú ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, teanga, creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, tionscnamh náisiúnta nó sóisialta, comhlachas le mionlach náisiúnta, maoin, breith nó stádas eile.

2. Ní dhéanfaidh aon údarás poiblí idirdhealú in aghaidh aon duine ar aon fhoras amhail na forais a luaitear i mír 1.

## AIRTEAGAL 2

### Cur i bhfeidhm críochach

1. Féadfaidh Stát ar bith, tráth a shínithe nó nuair a bheidh a ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó fhormheasta á thaisceadh aige, an chríoch nó na críocha a mbeidh feidhm ag an bPrótacal seo maidir leo a shonrú.

2. Féadfaidh aon Stát ar aon dáta níos déanaí, trí dhearbhú a bheidh dírithe chun Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, feidhmiú an Phrótacail seo a leathnú chuig aon chríoch eile a bheidh sonraithe sa dearbhú. Maidir le críoch den sórt sin, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm ar an gcéad lá den chéad mhí eile tar éis dheireadh tréimhse trí mhí tar éis an dáta a bhfaighidh an tArd-Rúnaí an dearbhú sin.

3. Féadfar aon dearbhú a dhéanfar faoin dá mhír roimhe seo, maidir le haon chríoch a shonrófar sa dearbhú sin, a tharraingt siar nó a mhodhnú trí fhógra a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa. Tiocfaidh an tarraingt siar nó an modhnú in éifeacht ar an gcéad lá den mhí tar éis dul in éag do thréimhse trí mhí tar éis an dáta a bhfaighidh an tArd-Rúnaí an fógra sin.



4. Measfar dearbhú arna dhéanamh de réir an Airteagail seo a bheith déanta de réir mhír 1 d’Airteagal 56 den Choinbhinsiún.

5. Féadfaidh aon Stát a mbeidh dearbhú déanta aige de réir mhír 1 nó mhír 2 den Airteagal seo tráth ar bith dá éis sin a dhearbhú thar ceann amháin nó níos mó de na críocha lena mbaineann an dearbhú go nglacann sé le hinniúlacht na Cúirte iarratais a fháil ó dhaoine aonair, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha nó ó ghrúpaí daoine aonair dá bhforáiltear in Airteagal 34 den Choinbhinsiún i leith Airteagal 1 den Phrótacal seo.

## AIRTEAGAL 3

### Gaolmhaireacht leis an gCoinbhinsiún

Amhail idir na Stáit is Páirtithe, measfar forálacha Airteagail 1 agus 2 den Phrótacal seo mar Airteagail bhreise ar an gCoinbhinsiún, agus beidh feidhm dá réir sin ag forálacha uile an Choinbhinsiúin.

## AIRTEAGAL 4

### Síniú agus daingniú

Beidh an Prótacal seo ar oscailt lena shíniú ag Ballstáit de Chomhairle na hEorpa a shínigh an Coinbhinsiún. Tá sé faoi réir daingnithe, glactha nó formheasa. Ní fhéadfaidh Ballstát de Chomhairle na hEorpa an Prótacal seo a dhaingniú, a ghlacadh ná a fhormheas gan an Coinbhinsiún a dhaingniú roimhe sin nó go comhuaineach. Taiscfear na hionstraimí ionstraim daingniúcháin, glactha nó formheasta le hArd-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

## AIRTEAGAL 5

### Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis dul in éag do thréimhse trí mhí tar éis an dáta a shonraigh deich mBallstát de Chomhairle na hEorpa a dtoiliú a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal i gcomhréir le forálacha Airteagal 4.

2. Maidir le haon Bhallstát a chuirfidh in iúl dá éis sin a thoiliú a bheith faoi cheangal aige, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis dul in éag do thréimhse trí mhí tar éis dáta thaisceadh na hionstraime daingniúcháin, glactha nó formheasta.

### AIRTEAGAL 6

#### Feidhmeanna taiscí

Cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa an méid seo a leanas in iúl do gach Ballstát de chuid Comhairle na hEorpa:

(a) aon síniú;

(b) taisceadh aon ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó fhormheasta

(c) aon dáta ar a dtiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm de réir Airteagail 2 agus 5;

(d) aon acht, aon fhógra nó aon chumarsáid eile a bhaineann leis an bPrótacal seo.

Dá fhianú sin, tá na daoine sin a bhfuil a síniú anseo thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige, tar éis an Prótacal seo a shíniú.

Arna dhéanamh i Róimh an 4ú lá de mhí na Samhna, 2000, i mBéarla agus i bhFraincis, agus comhúdarás ag gach téacs, i gcóip amháin a bheidh ar taisceadh i gcartlanna Chomhairle na hEorpa. Cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa cóipeanna deimhnithe de chuig gach Ballstát de chuid Chomhairle na hEorpa.



# Prótacal Uimh. 13

## a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint agus maidir le deireadh a chur le pionós an bháis i ngach aon chúinse

Vilnius, 3.V.2002

Tá Ballstáit Chomhairle na hEorpa, is sínitheoirí leis seo,

Ós deimhin dóibh gur bunluach i sochaí dhaonlathach é ceart gach duine chun na beatha agus go bhfuil díothú phionós an bháis riachtanach chun an ceart seo a chosaint agus chun aitheantas iomlán a thabhairt do dhínit bhunúsach gach cine daonna;

Ós mian leo cosaint an chirt chun na beatha arna ráthú ag an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950 (dá ngairtear “an Coinbhinsiún” anseo feasta);

Á thabhairt dá n-aire nach ndéanann Prótacal Uimh. 6 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, maidir le Pionós an Bháis a Dhíothú, a síníodh in Strasbourg an 28 Aibreán 1983, pionós an bháis a eisiamh i leith gníomhartha a rinneadh le linn cogaidh nó tráth bagairtí cogaidh;

Réiteach an chéim dheireanach a ghlacadh chun deireadh a chur le pionós an bháis i ngach cás, i.e.

Tar éis comhaontú mar a leanas:

## AIRTEAGAL 1

### Deireadh a chur le pionós an bháis

Cuirfear deireadh le pionós an bháis. Ní dhéanfar aon duine a dhaoradh chun pionós den sórt sin ná a chur chun báis.

## AIRTEAGAL 2

### Cosc ar mhaoluithe

Ní dhéanfar aon mhaolú ó fhorálacha an Phrótacail seo faoi Airteagal 15 den Choinbhinsiún.

## AIRTEAGAL 3

### Cosc ar fhorchoimeádais

Ní fhéadfar forchoimeádais a dhéanamh faoi Airteagal 57 den Choinbhinsiún maidir le forálacha an Phrótacail seo.

## AIRTEAGAL 4

### Cur i bhfeidhm críochach

1. Féadfaidh Stát ar bith, tráth a shínithe nó nuair a bheidh a ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó fhormheasta á thaisceadh aige, an chríoch nó na críocha a mbeidh feidhm ag an bPrótacal seo maidir leo a shonrú.

2. Féadfaidh aon Stát ar aon dáta níos déanaí, trí dhearbhú a bheidh dírithe chun Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, feidhmiú an Phrótacail seo a leathnú chuig aon chríoch eile a bheidh sonraithe sa dearbhú. Maidir le críoch den sórt sin, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm ar an gcéad lá den chéad mhí eile tar éis dheireadh tréimhse trí mhí tar éis an dáta a bhfaighidh an tArd-Rúnaí an dearbhú sin.



3. Féadfar aon dearbhú a dhéanfar faoin dá mhír roimhe seo, maidir le haon chríoch a shonrófar sa dearbhú sin, a tharraingt siar nó a mhodhnú trí fhógra a bheidh dírithe chuig an Ard-Rúnaí. Tiocfaidh an tarraingt siar nó an modhnú in éifeacht ar an gcéad lá den mhí tar éis dul in éag do thréimhse trí mhí tar éis an dáta a bhfaighidh an tArd-Rúnaí an fógra sin.

## AIRTEAGAL 5

### Gaolmhaireacht leis an gCoinbhinsiún

Amhail idir na Stáit is Páirtithe, measfar forálacha Airteagail 1 go 4 den Phrótacal seo mar Airteagail bhreise ar an gCoinbhinsiún, agus beidh feidhm dá réir sin ag forálacha uile an Choinbhinsiúin.

## AIRTEAGAL 6

### Síniú agus daingniú

Beidh an Prótacal seo ar oscailt lena shíniú ag Ballstáit de Chomhairle na hEorpa a shínigh an Coinbhinsiún. Tá sé faoi réir daingnithe, glactha nó formheasa. Ní fhéadfaidh Ballstát de Chomhairle na hEorpa an Prótacal seo a dhaingniú, a ghlacadh ná a fhormheas gan an Coinbhinsiún a dhaingniú roimhe sin nó go comhuaineach. Taiscfear na hionstraimí ionstraim daingniúcháin, glactha nó formheasta le hArd-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

## AIRTEAGAL 7

### Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis dul in éag do thréimhse trí mhí tar éis an dáta a shonraigh deich mBallstát de Chomhairle na hEorpa a dtoiliú a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal i gcomhréir le forálacha Airteagal 6.

2. Maidir le haon Bhallstát a chuirfidh in iúl dá éis sin a thoiliú a bheith faoi cheangal aige, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis dul in éag do thréimhse trí mhí tar éis dáta thaisceadh na hionstraime daingniúcháin, glactha nó formheasta.

### AIRTEAGAL 8

**Feidhmeanna taiscí**

Cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa an méid seo a leanas in iúl do gach Ballstát de chuid Comhairle na hEorpa:

(a) aon síniú;

(b) taisceadh aon ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó fhormheasta

(c) aon dáta ar a dtiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm de réir Airteagail 4 agus 7;

(d) aon acht, aon fhógra nó aon chumarsáid eile a bhaineann leis an bPrótacal seo.

Dá fhianú sin, tá na daoine sin a bhfuil a síniú anseo thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige, tar éis an Prótacal seo a shíniú.

Arna dhéanamh i Vilnias an 3ú lá de mhí Bealtaine, 2002, i mBéarla agus i bhFraincis, agus comhúdarás ag gach téacs, i gcóip amháin a bheidh ar taisceadh i gcartlanna Chomhairle na hEorpa. Cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa cóipeanna deimhnithe de chuig gach Ballstát de chuid Chomhairle na hEorpa.



# Prótacal Uimh. 16

## a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint

Strasbourg, 2.X.2013

Na Ballstáit de Chomhairle na hEorpa agus Ardpháirtithe Conarthacha eile a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950 (dá ngairtear "an Coinbhinsiún" anseo feasta), is sínitheoirí leis seo,

Ag féachaint d'fhorálacha an Choinbhinsiúin agus, go háirithe, Airteagal 19 de lena mbunaítear an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (dá ngairfear "an Chúirt" anseo feasta);

De bhrí go gcuirfidh síneadh inniúlacht na Cúirte tuairimí comhairleacha a thabhairt tuilleadh feabhais ar an idirghníomhú idir an Chúirt agus na húdaráis náisiúnta agus go neartófaí ar an gcaoi sin cur chun feidhme an Choinbhinsiúin, de réir phrionsabal na coimhdeachta.

Ag féachaint Thuairim Uimh. 285 (2013) arna ghlacadh ag Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa an 28 Meitheamh 2013,

Tar éis comhaontú mar a leanas:

## AIRTEAGAL 1

1. Féadfaidh na cúirteanna is airde agus na binsí is airde d'Ardpháirtí Conarthach, mar a shonraítear i gcomhréir le hAirteagal 10, a iarraidh ar an gCúirt tuairimí comhairleacha a thabhairt ar cheisteanna prionsabail a bhaineann le léiriú nó le cur i bhfeidhm na gceart agus na saoirsí a shainítear sa Choinbhinsiún nó sna prótacail a ghabhann leis.

2. Ní fhéadfaidh an chúirt nó an binse iarrthach tuairim chomhairleach a lorg ach amháin i gcomhthéacs cáis atá ar feitheamh os a comhair.

3. Tabharfaidh an chúirt nó an binse iarrthach cúiseanna lena iarraidh agus tabharfaidh sé cúlra ábhartha dlí agus fíorasach an cháis atá ar feitheamh.

## AIRTEAGAL 2

1. Cinnfidh painéal de chúigear breithiúna den Mhór-Dhlísheomra an nglacfaidh sé leis an iarraidh ar thuairim chomhairleach, ag féachaint d'Airteagal 1. Tabharfaidh an painéal cúiseanna le haon diúltú an t-iarraidh a ghlacadh.

2. Má ghlacann an painéal leis an iarraidh, tabharfaidh an tArd-Dhlísheomra an tuairim chomhairleach.

3. Áireofar ex officio ar an bpainéal agus ar an Mór-Dhlísheomra, dá dtagraítear sna míreanna roimhe seo, an breitheamh a toghadh i leith an Ardpháirtí Chonarthaigh lena mbaineann an chúirt iarrthach nó an binse iarrthach. Mura bhfuil ceann ann nó mura bhfuil an breitheamh sin in ann suí, suífidh duine a roghnóidh Uachtarán na Cúirte ó liosta a thíolacfaidh an Páirtí sin roimh ré i gcáil breithimh.



## AIRTEAGAL 3

Beidh an ceart ag Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine agus ag an Ardpháirtí Conarthach lena mbaineann an chúirt iarrthach nó an binse iarrthach tuairimí i scríbhinn a thíolacadh agus páirt a ghlacadh in aon éisteacht. Féadfaidh Uachtarán na Cúirte, ar mhaithe le riaradh cuí an cheartais, cuireadh a thabhairt d'aon Ardpháirtí Conarthach eile nó d'aon duine eile freisin tuairimí i scríbhinn a thíolacadh nó páirt a ghlacadh in aon éisteacht.

## AIRTEAGAL 4

1. Tabharfar cúiseanna le haghaidh roghanna comhairleacha.

2. Más rud é nach ionann an tuairim chomhairleach, go hiomlán nó go páirteach, do thuairim d'aon toil na mbreithiúna, beidh aon bhreitheamh i dteideal tuairim ar leith a thabhairt.

3. Cuirfear tuairimí comhairleacha in iúl don chúirt nó don bhinse iarrthach agus don Ardpháirtí Conarthach lena mbaineann an chúirt nó an binse sin.

4. Foilseofar roghanna comhairleacha.

## AIRTEAGAL 5

Ní bheidh roghanna comhairleacha ina gceangal.

## AIRTEAGAL 6

Amhail idir na hArdpháirtithe Conarthacha, measfar forálacha Airteagail 1 go 5 den Phrótacal seo mar airteagail bhreise ar an gCoinbhinsiún, agus beidh feidhm dá réir sin ag forálacha uile an Choinbhinsiúin.

## AIRTEAGAL 7

1. Beidh an Prótacal seo ar oscailt lena shíniú ag na hArdpháirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún, a fhéadfaidh a dtoiliú a chur in iúl go mbeidh siad faoi cheangal ag:

(a) síniú gan forchoimeád maidir le daingniú, glacadh nó formheas; nó

(b) síniú faoi réir daingnithe, glactha nó formheasta, agus ina dhiaidh sin daingnithe, glactha nó formheasta.

2. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasta le hArd-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

## AIRTEAGAL 8

1. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis dul in éag do thréimhse trí mhí tar éis an dáta a shonraigh deich nArdpháirtí Conarthach leis an gCoinbhinsiún a dtoiliú a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal i gcomhréir le forálacha Airteagal 7.

2. Maidir le haon Ardpháirtí Conarthach leis an gCoinbhinsiún a chuirfidh in iúl dá éis sin a thoiliú a bheith faoi cheangal aige, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis dul in éag do thréimhse trí mhí tar éis dáta léiriú a thoilithe a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal i gcomhréir le forálacha Airteagal 7.

## AIRTEAGAL 9

Ní fhéadfar forchoimeádais a dhéanamh faoi Airteagal 57 den Choinbhinsiún maidir le forálacha an Phrótacail seo.



## AIRTEAGAL 10

Déanfaidh gach Ardpháirtí Conarthach sa Choinbhinsiún, tráth a shínithe nó nuair a thaiscfidh sé a ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó fhormheasta, trí dhearbhú a dhíreofar chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, na cúirteanna nó na binsí a ainmneoidh sé a chur in iúl. chun críocha Airteagal 1, mhír 1, den Phrótacal seo. Féadfar an dearbhú seo a mhodhnú ar aon dáta níos déanaí agus sa tslí sin.

## AIRTEAGAL 11

Cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa an méid seo a leanas in iúl do Bhallstáit Chomhairle na hEorpa agus do na hArdpháirtithe Conarthacha don Choinbhinsiún:

(a) aon síniú;

(b) taisceadh aon ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó fhormheasta

(c) aon dáta ar a dtiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm de réir Airteagal 8;

(d) aon dearbhú arna dhéanamh de réir Airteagal 10; agus

(e) aon acht, aon fhógra nó aon chumarsáid eile a bhaineann leis an bPrótacal seo.

Dá fhianú sin, tá na daoine sin a bhfuil a síniú anseo thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige, tar éis an Prótacal seo a shíniú.

Arna dhéanamh i Strasbourg an 2ra lá Deireadh Fómhair, 2013, i mBéarla agus i bhFraincis, agus comhúdarás ag gach téacs, i gcóip amháin a bheidh ar taisceadh i gcartlanna Chomhairle na hEorpa. Cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa cóipeanna deimhnithe de chuig gach Ballstát de chuid Chomhairle na hEorpa agus chuig Ardpháirtithe Conarthacha eile don Choinbhinsiún.

# Coinbhinsiún Eorpach
# um Chearta an Duine

European Court of Human Rights
Council of Europe
67075 Strasbourg cedex
France
www.echr.coe.int

GLE

Design: © ECHR - Photo: © Shutterstock